Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15830/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0368(NLE)**

**SCH-EVAL 191**
**SIRIS 117**
**COMIX 607**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15502/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an t**Sualainn** ar *acquis* Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Nollaig 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[1], agus go háirithe Airteagal 31(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[2], agus go háirithe d'Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen i leith na Sualainne i mí Aibreáin 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 5444 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] *IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27*
[2] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Mheas an fhoireann ar an láthair gur dea-chleachtas é Oifigigh Cásanna Idirnáisiúnta a bheith imscartha ar fud na réigiún póilíneachta, rud a chuireann le húsáid na n-uirlisí comhair póilíneachta agus leis an bhfeasacht ar na huirlisí sin, lena n-áirítear Córas Faisnéise Schengen.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheadh le déanamh ag an tSualainn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Chun úsáid chórasach Chóras Faisnéise Schengen a áirithiú, maille le lánfhorbairt an chórais sin, ba cheart tús áite a thabhairt do mholadh 4 a chur chun feidhme.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don tSualainn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile chun aon easnamh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas a chur chun feidhme, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don tSualainn:

**Oifig N.SIS agus láithreán príomha agus láithreán cúltaca N.SIS**

1. a áirithiú go bhfuil an láithreán cúltaca N.SIS ag feidhmiú;

**Slándáil fhisiceach an lárionaid sonraí, bainistiú rochtana agus plean leanúnachais gnó**

2. a áirithiú, maidir leis an doiciméadacht ina bhfuil na bearta leanúnachais gnó, go gcuimsíonn sí faisnéis maidir le bearta sonracha a bheidh le tógáil, nó próisis chun an cás a chur chuig leibhéal níos airde, i gcás teagmhais tromchúiseacha nó tubaistí;

**Córas aitheantais uathoibrithe méarlorg (AFIS) CFS a chur chun úsáide**

3. próiseas uathoibrithe a chur ar bun chun méarloirg a thaifeadtar ar an leibhéal náisiúnta a sheiceáil i bhfíor-am in SIS-AFIS;

4. a áirithiú go mbaineann an Ghníomhaireacht um Imirce úsáid as SIS-AFIS agus seiceálacha á ndéanamh aici in CFS mar chuid dá cúraimí, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1861;

**An córas sreafa oibre SIRENE**

5. leibhéal an uathoibrithe sa chóras sreafa oibre DAR a mhéadú i dtaca le láimhseáil faisnéise forlíontaí agus cásanna SIRENE;

**An nós imeachta chun foláirimh maidir le daoine a chruthú**

6. cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta chun foláirimh maidir le daoine a chruthú tríd an líon céimeanna idirmheánacha a laghdú agus trí fheabhas a chur ar uathoibriú na rialuithe cáilíochta sonraí, sa chaoi go n-áiritheofar go gcruthófar na foláirimh go prapúil agus go seachnófar an riosca go gcaillfí faisnéis thábhachtach;

7. feabhas a chur ar úsáid na feidhmiúlachta nasctha;

**An nós imeachta chun foláirimh maidir le hábhair a chruthú**

8. feabhas a chur ar úsáid an mharcóra 'amhras faoi chlónáil' nuair a chruthaítear foláirimh maidir le feithiclí;

**An úsáid a bhaineann na póilíní as CFS**

9. an t-eolas maidir le nósanna imeachta SIS a mhéadú, agus an úsáid a bhaintear as feidhmchláir CFS a fheabhsú, i measc na bhfórsaí póilíneachta sna réigiúin;

10. a áirithiú go gcruthófar foláirimh maidir le duine atá ar iarraidh go córasach in CFS i leith gach cáis linbh atá ar iarraidh;

**Feidhmchláir chuardaigh a úsáidtear le haghaidh seiceálacha póilíneachta**

11. feabhas a chur ar sholáimhsitheacht an fheidhmchláir SökES trína áirithiú gur féidir leis na húsáideoirí deiridh an fhaisnéis uile a aimsiú go héasca agus gur féidir cuardaigh ‘uimhir ar bith’ a dhéanamh i leith ábhar mar aon le hiontrálacha sonraí míchearta a cheartú, agus trí lámhleabhar úsáideora le haghaidh an fheidhmchláir a sholáthar do na hoibreoirí;

12. a chur ar a gcumas do na húsáideoirí deiridh a úsáideann an aip mhóibíleach mPMF cuardaigh a dhéanamh ar gach cineál ábhair atá ar fáil in CFS mar aon le cuardaigh ‘ainm ar bith’, agus tuairisciú amais agus ‘nótaí maidir le feithicil’ a bheith á dtaispeáint dóibh;

**Póilíní a oiliúint ar CFS**

13. an t-ábhar oiliúna tiomnaithe ar thairseach íseal maidir le nósanna imeachta agus feidhmchláir SIS atá ar fáil do na húsáideoirí deiridh a mhéadú;

**An úsáid a bhaineann Údaráis Chustaim na Sualainne as CFS**

14. feabhas a chur ar an úsáid a bhaineann na húdaráis chustaim as CFS, agus cláir oiliúna shonracha ar CFS d’oifigigh chustaim a chur ar bun.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*